Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

ARDTEISTIMÉIREACHT 2021

TREOIRLEABHAR D'IARRTHÓIRÍ

Treoir Ghairid faoi Bhailiúchán Sonraí na nGrád Creidiúnaithe, faoin gCaighdeánú Náisiúnta agus faoi na Próisis um Dhearbhú Cáilíochta.

Lúnasa 2021

PRÍOMHTHORTHAÍ, DÁTAÍ AMHAIRC AGUS ACHOMHAIRC 2021

SEIRBHÍS	I SCOILEANNA	TAIRSEACH FÉINSEIRBHÍSE IARRTHÓRA
Torthaí na hArdteistiméireachta	10 am Dé hAoine an 3 Meán Fómhair – Tairseach Scrúdaithe na Scoileanna	10 am Dé hAoine, an 3 Meán Fómhair
Rochtáin ar Shonraí – Gheobhaidh tú (deréir mar is infheidhme): a. Marcanna chomhpháirteanna na scrúduithe scríofa agus an marcanna deiridh b. Marcanna measta na nGrád Creidiúnaithe agus na marcanna creidiúnaithe		5 pm ar an Máirt an 7 Meán Fómhair
Iarratas chun Breathnú ar Scripteanna		Ar oscailt: 5 pm Dé Máirt an 7 Meán Fómhair Ag dúnadh: 8 pm Dé Céadaoin an 8 Meán Fómhair
Breathnú ar Scripteanna	Scripteanna a Marcáladh ar Pháipéar Cuirfear 1 de 3 sheisiún ar fáil duit: 1 Dé Sathairn an 11 Meán Fómhair 9 am– 11 am 2. Dé Sathairn an 11 Meán Fómhair 12 meán lae – 2 pm 3. Dé Sathairn an 11 Meán Fómhair 3 pm – 5 pm	Scripteanna a Marcáladh Ar Líne Rochtain ar líne le breathnú orthu thar an tréimhse 9 am– 5 pm Dé Sathairn an 11 Meán Fómhair.
Iarratas ar Achomharc		Ar oscailt: 9 AM, Dé Sathairn an 11 Meán Fómhair Ag dúnadh: 12 meán lae Dé Luain an13 Meán Fómhair
Torthaí Achomharc d'achomhairc na nGrád Creidiúnaithe agus na Scrúduithe Stáit	Tairseach na Scoileanna Dáta le Deimhniú	Tairseach iarrthora amháin - Dáta le Deimhniú

Tá amlínte dochta d'iarrthóirí i mbliana chun iarratas a dhéanamh maidir le hiniúchadh ar scripteanna agus chun a n-iarratas ar achomharc a chur isteach. Tá na hamlínte sin riachtanach lena chinntiú gur féidir na céimeanna atá fanta den phróiseas achomharc a chur i gcrích chomh tapa agus is féidir.

Ní féidir geallúint a thabhairt maidir le tréimhse ama ar leith chun torthaí na n-achomharc a eisiúint nó go mbeidh líon na n-achomharc ar eolas.

Eiseofar *Treoir Faisneise Iarrthóra ar Thorthaí agus Achomhairc* roimh lá na dtorthaí.

1. Réamhrá

Is é aidhm na Treorach seo tuilleadh eolais faoi chóras na nGrád Creidiúnaithe a chur ar fáil d'iarrthóirí ag Ardteistiméireacht 2021.

I leathanach a haon den Treoir seo, tá an tráthchlár le fáil ar níos mó mioneolais maidir leis na torthaí sealadacha; na dátaí le hiarratas a dhéanamh chun breathnú ar na scripteanna; na dátaí chun breathnú ar na scripteanna; agus an spriocdháta le hiarratas a dhéanamh ar achomharc. Is é seo a chéad uair atá an t-eolas seo á chur ar fáil d'iarrthóirí.

Sna roghanna a bhí ar fáil d'iarrthóirí maidir lena nArdteistiméireacht i mbliana, aithníodh nach mbeadh sé cothrom go mbeadh ar na hiarrthóirí a bheith ag brath go hiomlán ar na scrúduithe mar an t-aon bhealach le measúnú a dhéanamh orthu le haghaidh cháilíocht a nArdteistiméireachta in 2021.

Bhí an rogha ag na hiarrthóirí na scrúduithe a dhéanamh, Gráid Chreidiúnaithe a fháil, nó an dá cheann araon, ar bhonn ábhar de réir ábhair. Is é seo an cás sna trí chlár de chuid na hArdteistiméireachta; clár na hArdteistiméireachta Feidhmí; Gairmchlár na hArdteistiméireachta chomh maith leis an Ardteistiméireacht sheanbhunaithe. Sna tagairtí don 'Ardteistiméireacht' tríd an treoir seo, beifear ag tagairt do na trí chlár uile ach amháin má luaitear a mhalairt.

Chuir Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) líon deiseanna ar fáil d'iarrthóirí le Gráid Chreidiúnaithe a chur ar fáil dóibh i mbliana. Cuireadh an deis deiridh ar fáil d'Iarrthóirí incháilithe nár roghnaigh Gráid Chreidiúnaithe, lena roghanna a thabhairt suas chun dáta agus tugadh gach ábhar suas chun dáta go dtí glacadh leis an rogha i gcóras na nGrád Creidiúnaithe. Tugadh an rogha d'iarrthóirí incháilithe a chur in iúl don CSS faoin 11 Lúnasa, mura raibh siad ag iarraidh rogha an Ghráid Chreidiúnaithe. Creideann an CSS gurb é an próiseas ab fhéaráilte rogha réamhshocraithe a chur ar fáil d'iarrthóirí le Gráid Chreidiúnaithe a fháil, a chinntíonn go raibh an deis acu go ndéanfaí aon mharcanna measta a cuireadh ar fáil dóibh curtha san áireamh, ionas go bhfaighidh siad an Ardteistiméireacht is fearr agus is féidir atá ar fáil dóibh.

Tá córas na nGrád Creidiúnaithe á rith ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) tar éis reachtaíochta a rinneadh a achtú go sonrach don aidhm seo. Tá an CSS freagrach freisin as na scrúduithe a sheachadadh agus tá an dá phróiseas á bhfeidhmiú aige mar dhá phróiseas atá go hiomlán neamhspleách ó chéile. Déanfaidh an CSS gach iarracht córas na nGrád Creidiúnaithe a fheidhmiú mar a dhéantar leis an scrúduithe gach bliain agus déanfar soláthar go mbeidh gach gné d'Ardteistiméireacht 2021 ag an gcaighdeán is airde, agus go gcaitear leis na hiarrthóirí go féaráilte agus go cothrom.

Gan Aon Nasc Idir Feidhmíocht sna Scrúduithe agus na Gráid Chreidiúnaithe

Níl aon nasc idir feidhmíocht sna scrúduithe agus na Gráid Chreidiúnaithe ag leibhéal an iarrthóra aonair ná ag leibhéal an chórais ina iomláine. Ní thabharfar torthaí na scrúduithe agus na nGrád Creidiúnaithe le chéile ach amháin ar mhaithe leis an toradh is fearr a dheimhniú do na hiarrthóirí a roghnaigh an dá cheann.

Lá na dTorthaí, na Scrúduithe a Mharcáil agus Próiseas na nGrád Creidiúnaithe

Tá torthaí na hArdteistiméireachta le heisiúint Dé hAoine, an 3 Meán Fómhair.

I bpróiseas na scrúduithe, tá marcáil na scrúduithe ar siúl agus cuireadh mioneolas ar fáil cheana féin maidir leis an gcur chuige i dtreo na scrúduithe a mharcáil i mbliana sa *Treoirleabhar d'Iarrthóirí na hArdteistiméireachta 2021 – Ullmhú do na Scrúduithe* a eisíodh roimh na scrúduithe agus atá ar fáil anseo.

Ag an bpointe seo, maidir leis na Gráid Chreidiúnaithe, bailíodh na sonraí uile a bhí ag teastáil ó na scoileanna, agus tá an próiseas caighdeánaithe á fhorbairt agus á mhionchoigeartú ag baint úsáid as an tsamhail staitistiúil ó 2020 mar an pointe tosaigh.

Fiosruithe

Beidh eolas reatha maidir le gach ábhar a bhaineann le scrúduithe na hArdteistiméireachta agus próiseas na nGrád Creidiúnaithe ar fáil ar bhonn leanúnach ar www.gov.ie/LeavingCertificate.

Is féidir fiosruithe maidir leis na Gráid Chreidiúnaithe a chur ar ríomhphost chuig accreditedgrades@examinations.ie.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Coimisiún na Scrúduithe Stáit freisin ar an bhfón ag 0906442702. Tá an líne chabhrach ag feidhmiú ó Luan go hAoine, 10.00 go 17.00.

2. Bailiú Sonraí na nIarrthóirí

Iarrthóirí Ionscoile a bhfuil Ábhar á Staidéar acu i Scoil

Ba é an chéad chéim sa chóras seo ná go mbeifí ábalta na Gráid Chreidiúnaithe a bhunú ar eolas a fháil ó scoileanna faoi fheidhmiú ionchasach iarrthóirí i scrúduithe na hArdteistiméireachta. Iarradh ar scoileanna an meastachán is fearr agus ab fhéidir a chur ar fáil maidir le cé chomh maith gur dócha a d'fheidhmeodh gach iarrthóir sna scrúduithe coigeartaithe a cuireadh i bhfeidhm le haghaidh 2021, agus bunaithe ar an leibhéal gnóthachtála a bhí á thaispeáint ag an iarrthóir.

Cé go mbeidh sonraí na scoile faoi réir coigeartaithe sa phróiseas náisiúnta caighdeánaithe, tá siad mar an bunús do na Gráid Chreidiúnaithe, mar sin caitheadh an-chuid ama agus iarrachta ag déanamh iarrachta go mbeadh an chuid seo i gceart.

Tá an cur chuige a glacadh bunaithe ar an taighde a deir linn go bhfuil múinteoirí go maith ag tabhairt breithniúnais bheacht faoi fheidhmíocht a scoláirí i gcomhthéacs a scoileanna agus a gcuid taithí, ach níl siad chomh beacht agus iad á n-ailíniú le caighdeáin sheachtracha. Is é sin le rá, tá siad go maith ag déanamh measúnaithe ar fheidhmíocht scoláirí i gcomparáid le daoine eile sa ghrúpa agus i gcomparáid le scoláirí eile a raibh á dteagasc acu, ach níl siad chomh maith céanna leis na breithiúnais sin a ailíniú le caighdeán oibiachtúil seachtrach. Is é sin an fáth a bhfuil gá le caighdeánú.

Cuireadh treoir agus tacaíocht an-soiléir agus an-chuimsitheach ar fáil ionas go bhféadfadh scoileanna an meastachán is féaráilte agus is féidir a chur ar fáil dá scoláirí faoi cé chomh maith ar dócha a fheidhmeoidís san Ardteistiméireacht. Chun teacht ar na marcanna céatadáin measta, bhí trí phríomhchéim scoilbhunaithe i gceist:

- Meastachán marcanna céatadáin an mhúinteora do gach iarrthóir i ngach ábhar;

- Ailíniú marcanna sa scoile d'ábhar trí ghrúpa ailínithe ábhair atá déanta suas de mhúinteoirí a bhfuil an t-ábhar á theagasc acu d'iarrthóirí na hArdteistiméireachta i mbliana;
- Maoirseacht phríomhoide na scoile ar an bpróiseas ailínithe.

Príomhaidhm an phróisis ailínithe ná a chinntiú go bhfuil na múinteoirí uile atá ag cur marcanna céatadáin measta ar fáil i leith an ábhair chéanna sa scoil ag na gcaighdeán i bhfeidhm atá oiriúnach agus atá i gcomhréir le chéile agus é seo ar bun acu. Ba é seo an t-aon bhealach iontaofa le cothrom na Féinne a chinntiú i measc na ngrúpaí ranga éagsúla a bhfuil an t-ábhar céanna á dhéanamh acu laistigh de scoil, mar sin is cuid ríthábhachtach í seo den phróiseas. Cuireadh treoir ar leith ar fáil freisin maidir le claonadh neamh-chomhfhiosach a aithint agus a sheachaint a d'fhéadfadh cur isteach ar na meastacháin.

Tar éis na dtrí chéim seo, cuireadh na marcanna measta ar aghaidh le caighdeánú náisiúnta a dhéanamh orthu ag baint úsáid as córas bailiúcháin sonraí ar líne.

Foghlaimeoirí Lasmuigh den Scoil agus Iarrthóirí Ionscoile a bhfuil Ábhair Lasmuigh de Scoil á Staidéar Acu

Bhí próiseas ar leith ann d'iarrthóirí ar foghlaimeoirí lasmuigh den scoil iad, nó ar iarrthóirí ionscoile iad a bhfuil ábhar amháin nó níos mó á dhéanamh/ndéanamh acu lasmuigh den scoil, le hiarratas a dhéanamh le bheith curtha san áireamh le marc measta a fháil.

Leis na socruithe a cuireadh i bhfeidhm i mbliana le haghaidh na gcatagóirí foghlaimeora seo, cinntíodh go raibh an deis ag gach iarrthóir a bheith curtha san áireamh do Ghrád Creidiúnaithe. Ní chiallaíonn sé seo gur cuireadh marc measta ar fáil do na hiarrthóirí uile sna catagóirí seo ar féidir Grád Creidiúnaithe a bheith bunaithe air. Ar chúiseanna cothroime agus chothrom na Féinne do na hiarrthóirí uile, bhí coinníollacha cáilitheachta i gceist agus riachtanas ann fianaise foghlama agus gnóthachtála a chur ar fáil.

Seachas na hábhair teanga neamhchuraclaim, leis na socruithe seo, bhí ar na hiarrthóirí sna catagóirí seo teagmháil a dhéanamh le scoil agus painéal múinteoirí cláraithe sa scoil a fháil le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise atá ar fáil agus marc measta a chur ar fáil bunaithe ar an bhfianaise. Bhí ar scoileanna cinntí a eisiúint freisin chuig iarrthóirí nárbh fhéidir marc céatadáin a chur ar fáil dóibh. Rinneadh líon an-bheag d'achomhairc i gcoinne cinntí gan marc measta a chur ar fáil, a phróiseáil agus tugadh chun críche iad.

Chuir scoileanna ar aghaidh na marcanna do na hiarrthóirí sin sna catagóirí seo a bhí ceangailte leis an scoil, ag baint úsáid as an gcóras bailiúcháin sonraí ar líne. Tá na sonraí seo faoi réir caighdeánaithe náisiúnta anois.

Iarrthóirí a bhfuil Ábhair Teanga Neamhchuraclaim á nDéanamh acu

Bhí an deis ag iarrthóirí a bhfuil ceann amháin den 18 n-ábhar teanga neamhchuraclaim á dhéanamh acu (m.sh. Polainnis, Liotuáinis, Portaingéilis, srl.) measúnú inniúlachta a dhéanamh mí na Bealtaine seo caite a bhí mar an bunús dá marc measta. Is é an Roinn Oideachais a d'eagraigh an measúnú inniúlachta agus a rinne measúnú air. Cuireadh na marcanna measta d'iarrthóirí a rinne an measúnú inniúlachta isteach sa chóras caighdeánaithe agus tá siad á bpróiseáil.

Tá próiseas bhailiúchán na sonraí maidir le marcanna measta don chatagóir foghlaimeora seo tagtha chun críche agus tá na sonraí faoi réir caighdeánaithe náisiúnta anois.

3. Bailiú Sonraí

Leis an tseiceáil agus comhardú a rinneadh sa chóras bailiúcháin sonraí, cinntíodh gur chuir na scoileanna na sonraí isteach i gceart agus go beacht. Thug an Roinn Oideachais agus an CSS faoi phróiseas tréan agus críochnúil um dhearbhú cáilíochta ar na sonraí nuair a fuair siad iad agus nuair a rinne siad iad a phróiseáil ina dhiaidh sin.

Rinneadh seiceáil bhreise lena n-áirítear sampláil a dhéanamh ar chuid den obair pháipéireachais chríochnaithe i gceist as scoileanna a roghnófar go randamach leis an mbeachtas a chinntiú.

Ag an bpointe seo, tá na sonraí uile atá ar fáil á bpróiseáil ag an CSS. Tá samhail staitistiúil na nGrád Creidiúnaithe á forbairt i gcomhar le gníomhaireacht sheachtrach atá ar conradh a bhfuil saineolas idirnáisiúnta aici sa réimse seo - Educational Testing Service (ETS). Féach cuid 4 thíos. Bronnadh an conradh ar ETS i mbliana le próiseas na ngrád creidiúnaithe i mbliana a dhearadh do scoláirí na hArdteistiméireachta. Tá an córas seo bunaithe ar an tsamhail chéanna a úsáideadh le haghaidh na nGrád Ríofa in 2020, cé go bhfuiltear ag breathnú ar roinnt mionchoigeartuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an tsamhail sin.

Atógadh an córas le haghaidh 2021, ag baint úsáid as cód ríomhaireachta nua, agus cuireadh i bhfeidhm seiceálacha breise um dhearbhú cáilíochta. Féach cuid 9 thíos.

4. Stádas Ardteistiméireacht 2021

I mbliana, is é a bheidh i gceist le torthaí na hArdteistiméireachta ná torthaí na scrúduithe agus na Gráid Chreidiúnaithe.

Sna ráitis torthaí shealadacha agus sna teastais deiridh, ní bheidh idirdhealú idir torthaí na scrúduithe agus na Gráid Chreidiúnaithe. Beidh fáil ag iarrthóirí agus ag scoileanna ar eolas maidir le cé acu ar tháinig an toradh deiridh a bronnadh ó scrúdú nó ó Ghrád Creidiúnaithe. Cuirfear an t-eolas seo ar fáil go luath i ndiaidh na torthaí sealadacha a eisiúint ar an 3 Meán Fómhair.

Déanfar na scrúduithe a mharcáil ar chaighdeán náisiúnta agus beidh na Gráid Chreidiúnaithe faoi réir an phróisis chaighdeánaithe náisiúnta a dtabharfaidh an CSS faoi. Meastar gurb ionann torthaí na hArdteistiméireachta as aon bhliain amháin agus na torthaí as aon bhliain eile agus beidh an seasamh céanna ag torthaí Ardteistiméireacht 2021.

5. Caighdeánú Náisiúnta na nGrád Creidiúnaithe

An Próiseas Caighdeánaithe Náisiúnta le cothrom na Féinne a Chinntiú

I gcúrsaí taighde, tá sé soiléir, toisc go ndéantar breithiúnais mhúinteora i gcomhthéacs gach scoile, is gá iad a scrúdú agus iad a choigeartú ag an leibhéal náisiúnta leis an méid inchomparáideachta agus is féidir a bhaint amach sna scoileanna uile sna caighdeáin a chuirtear i bhfeidhm. Cuirfear na marcanna céatadáin measta le chéile leis na sonraí náisiúnta is déanaí trí phróiseas ar a dtugtar caighdeánú le bheith in ann Grád Creidiúnaithe an CSS a chruthú do na hiarrthóirí san ábhar.

I mbliana, beidh fócas an chaighdeánaithe náisiúnta de na Gráid Chreidiúnaithe, mar a bhí sé i gcóras na nGrád Ríofa 2020, ag díriú ar na scoileanna a thabhairt i gcomhréir a chéile lena chinntiú go bhfuil an méid chothrom na Féinne agus is féidir i gceist i measc iarrthóirí na bliana seo.

Leis an bpróiseas caighdéanaithe seo, déanfar iarracht na héifeachtaí a mhaolú, a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó scoileanna éagsúla, is cuma faoi na hiarrachtaí is fearr a dhéanann siad, le caighdeáin éagsúla a chur i bhfeidhm ina gcuid meastacháin.

Cé go bhféadfadh meastacháin scoilbhunaithe dul suas nó síos, iarrthóirí a fuair marc céatadáin measta níos airde ná scoláire eile sa rang, ní bhfaighidh sé/sí marc atá níos ísle ná an scoláire ranga sin tar éis caighdeánú a dhéanamh.

Trí réimse de chineálacha eolais éagsúla a úsáid, tagann na foinsí sonraí éagsúla i gcomhréir a chéile, leis an tsraith torthaí is beaichte agus is féaráilte a chur ar fáil laistigh de na srianta de na sonraí atá ar fáil.

Ós rud é go bhfuil sonraí na scoile níos beaichte le measúnú a dhéanamh ar iarrthóirí i gcomparáid lena chéile seachas caighdeán oibiachtúil ar bith a roinntear i measc na scoileanna, d'fhéadfadh na marcanna deiridh a chuirtear ar fáil d'iarrthóirí tar éis an phróisis chaighdeánaithe, le haghaidh ábhair agus leibhéil ar bith, a bheith níos airde nó níos ísle ná na meastacháin a chuir an scoil ar fáil.

Sonraí a úsáidtear agus nach n-úsáidtear sa Phróiseas Caighdeánaithe

Ní bhainfidh an próiseas caighdeánaithe le sonraí stairiúla scoil ar scoil maidir le feidhmíocht i Scrúduithe na hArdteistiméireachta roimhe seo.

Sa phróiseas caighdeánaithe náisiúnta, bainfear úsáid as raon sonraí stairiúla de chuid na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta ag an leibhéal náisiúnta le socrú a dhéanamh faoi dháiltí áirithe na dtorthaí ar dócha a bheidh ann d'aon ghrúpa nó iarrthóirí ar leith a bhfuil ábhar áirithe á dhéanamh acu ag leibhéal áirithe.

Ag an leibhéal scoile agus ag an leibhéal náisiúnta, is réamhtháscairí láidre iad torthaí na Sraithe Sóisearaí d'fheidhmíocht na hArdteistiméireachta, ach níl siad chomh maith sin le meastachán a thabhairt d'fheidhmíocht iarrthóra ar leith. Is é seo an chúis, le haghaidh iarrthóirí scoilbhunaithe atá mar chuid de ghrúpa ranga, nach mbainfear úsáid as torthaí na Sraithe Sóisearaí d'iarrthóir aonair, le bheith tugtha díreach isteach i nGrád Creidiúnaithe an duine aonair sin. Ní bheidh torthaí gach iarrthóra ar leith ach mar ionchur san eolas maidir leis an rang ina iomláine. Bainfear úsáid as sonraí na Sraithe Sóisearaí sa tsamhail le dáileadh na feidhmíochta a chur ar fáil gur dócha a bheidh ann ó ghrúpa iarrthóirí ar leith a bhfuil gach ábhar á dhéanamh acu ag gach leibhéal i ngach scoil. Má bhaintear úsáid as sonraí comhiomlána ag leibhéal grúpa, ciallaíonn sé sin nach gá d'iarrthóirí ar leith a bheith buartha murar éirigh leo an tSraith Shóisearach a chur i gcrích, nó má bhí díolúine acu ón nGaeilge sna scrúduithe seo.

An tSamhail Staitistiúil atá in úsáid sa Phróiseas Caighdeánaithe Náisiúnta:

Leis na dáiltí seo, cuirfear patrún de na torthaí a bhfuiltear ag súil leis ar fáil don ghrúpa scoile i ngach ábhar agus ag gach leibhéal. Leis na meastacháin scoilbhunaithe, cuirfear patrún freisin ar fáil do na torthaí a bhfuiltear ag súil leis don ghrúpa scoile i ngach ábhar agus ag gach leibhéal. Cuireann na sonraí scoilbhunaithe seo eolas luachmhar ar fáil a

bhaineann leis na hiarrthóirí iad féin agus cuireann sonraí na Sraithe Sóisearaí eolas luachmhar ag an leibhéal grúpa ar fáil.

Ní shocrófar na Gráid Chreidiúnaithe le dáileadh amháin ina n-aonar de na torthaí a bhfuiltear ag súil leis, mar go gcuirfidh an tsamhail na dáiltí le chéile chun na gráid a chruthú ar bhealach atá réasúnta, cothrom agus beacht do na hiarrthóirí chomh fada agus is féidir. Cé go bhféadfadh na meastacháin scoilbhunaithe bogadh suas nó síos mar thoradh ar an bpróiseas caighdeánaithe, ní athrófar an áit a bhfuil na hiarrthóirí i gcomparáid lena chéile, mar atá luaite leis na marcanna measta a chuireann an scoil ar fáil. Mar nach bhfuil dáileadh na dtorthaí bunaithe go hiomlán ar shraith sonraí amháin, ach mar go mbaintear leas as na láidreachtaí ar leith atá ag gach foinse eolais, cuireann sé seo leis an mbeachtas agus leis an gcothroime atá sa tsamhail.

Sa phróiseas staitistiúil, cuirtear san áireamh cé acu atá grúpa na n-iarrthóirí a bhfuil ábhar á dhéanamh acu sa scoil i mbliana níos láidre (nó níos laige) go hacadúil i gcomparáid le haon scoil eile nó le haon bhliain eile. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil dáileadh na ngrád a thagann as an scoil réamhshocraithe le bheith mar an gcéanna mar a bhí sé cheana nó mar an gcéanna le dáileadh na ngrád in aon scoil eile.

Conas a Chinntíonn an tSamhail Cothrom na Féinne d'Iarrthóirí Ardfheidhmíochta agus d'Iarrthóirí Nach nDéanann Chomh Maith Sin:

Leis an tsamhail, ní chuirtear aon scór réamhshocraithe i bhfeidhm do dhuine ar bith i rang nó i scoil. Ar an gcoinníoll gur léirigh an scoil go cruinn na difríochtaí ábhartha idir na hiarrthóirí laistigh den rang, ní bheidh aon bhac le hiarrthóir den scoth gráid arda a bhaint amach i scoil ar bith. Mar shampla, má tá iarrthóir ardfheidhmíochta laistigh de rang ina bhfuil iarrthóirí nach ndéanann chomh maith sin, ar an gcoinníoll gur aithin an scoil iarrthóir ardfheidhmíochta neamhghnách, déileálfar leis/léi go hiomchuí.

Fiú má bhogann an próiseas caighdeánaithe na marcanna thuas (nó thíos) don rang ar fad, cuirfidh an próiseas ríofa laistigh den tsamhail seasamh coibhneasta an iarrthóra san áireamh laistigh den rang, mar atá leagtha amach sna sonraí scoilbhunaithe, agus beifear in ann na meastacháin don ghrúpa ina iomláine a ailíniú i gceart, más gá, gan an t-eolas seo a chailleadh maidir le cé chomh mór agus a sháraíonn an t-iarrthóir ardfheidhmíochta seo an norm. Bainfidh sé seo freisin leis an taobh íseal d'fheidmíocht.

6. Bailíochtú na Samhla

Lena chinntiú go bhfuil an tsamhail staitistiúil ag feidhmiú mar a bhfuiltear ag súil leis, agus go bhfuil na cuspóirí á mbaint amach aici, is gá go mbeadh próiseas bailíochtaithe gaolmhar den tsamhail. Déanfar athbhreithniú ar oibriúcháin na samhla staitistiúla agus déanfar iad a bhailíochtú ar bhealaí éagsúla.

Úsáid Tréithe Déimeagrafacha le Torthaí na Samhla a Sheiceáil

Déanfar athbhreithniú ar na torthaí ag baint úsáid as líon tréithe déimeagrafacha éagsúla in mbeidh stádas inscne agus socheacnamaíoch san áireamh. Déanfar é seo lena chinntiú go bhfuil torthaí á léiriú ag an tsamhail atá chomh féaráilte agus chomh cothrom agus is féidir. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach n-úsáidtear na tréithe déimeagrafacha ach amháin leis an tsamhail a bhailíochtú; ní bhaintear úsáid astu leis na Gráid Chreidiúnaithe a shocrú.

Is é aidhm na nGrád Creidiúnaithe meastachán a fháil atá chomh beacht agus is féidir den ghrád a bheadh bainte amach ag gach iarrthóir dá rachadh sé/sí ar aghaidh leis na scrúduithe a dhéanamh. Leis an bpróiseas bailíochtaithe, seiceálfar an bhfuil na hidirghníomhaíochtaí idir na tréithe déimeagrafacha atá luaite thuas agus torthaí na nGrád Creidiúnaithe cosúil leis na hidirghníomhaíochtaí sna sonraí stairiúla idir na tréithe seo agus na torthaí scrúdaithe. Mar shampla, i gcás inscne, má bhíonn feidhmíocht na n-iarrthóirí ar mná iad i gcomórtas le hiarrthóirí ar fir iad in ábhair éagsúla beagnach mar an gcéanna faoi shamhail na nGrád Creidiúnaithe mar a bhíodh de ghnáth sna blianta scrúdaithe roimhe seo, ansin is féidir é seo a bheith mar tháscaire go bhfuil samhail na nGrád Creidiúnaithe ag teacht leis na blianta roimhe seo i dtaca leis seo.

Is é aidhm an athbhreithnithe seo maidir le torthaí na samhla staitistiúla ná a sheiceáil cé acu atá samhail na nGrád Creidiúnaithe mar bhuntáiste nó míbhuntáiste d'aon ghrúpa ar leith mar thoradh uirthi, i gcomparáid le cad a tharla blianta eile. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an measúnú seo á dhéanamh i gcomparáid le blianta roimhe seo; leis an mbailíochtú, mar shampla, seiceálfar an bhfuil éifeachtaí míbhuntáise, nó éifeachtaí inscne, níos measa laistigh den tsamhail. Tá sé tábhachtach freisin a thabhairt faoi deara, ós rud é go bhfuil na táscairí déimeagrafacha faoi cheilt ag an gcóras seo d'aon ghnó, ní dhéanfar ceartú le haghaidh aon chlaontaí ábhartha atá ann go hinmheánach sna sraitheanna meastachán a chuireann scoileanna ar leith ar fáil. Ba chóir go mbeadh aon saincheist maidir le haon chlaonadh neamh-chomhfhiosach a bheith réitithe ag scoileanna laistigh dá bpróiseas meastacháin féin. Cuireadh é seo in iúl sa Treoir do Scoileanna.

7. Bainistíocht agus Maoirseacht Chóras na nGrád Creidiúnaithe.

Forbairt na Samhla Staitistiúla

Tá an tsamhail staitistiúil á forbairt don CSS ag by Educational Testing Service (ETS). Is eagraíocht neamhbhrabúis atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe agus atá chun tosaigh ar leibhéal domhanda í ETS a dhéanann speisialtóireacht i mbearta oideachais. Tá ETS tar éis a bheith ag obair leis an Roinn Oideachais agus le Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) chun gnéithe éagsúla den tsamhail caighdeánaithe a sheachadadh agus an próiseas caighdeánaithe a chur i bhfeidhm. Déanfar na sraitheanna sonraí stairiúla in éineacht leis na sonraí a bailíodh ó na scoileanna a phróiseáil tríd an tsamhail staitistiúil. Ach, tá gá le leibhéal suntasach d'idirghabháil daonna le bheith in ann seasamh leis an tsamhail staitistiúil agus le heisiúint na nGrád Creidiúnaithe chuig iarrthóirí a fhaomhadh.

Maoirseacht an Phróisis Chaighdeánaithe Náisiúnta

Tá an próiseas caighdeánaithe náisiúnta á dhéanamh ag foireann theicniúil agus tá maoirseacht á déanamh aige ag Grúpa Bainistíochta um Chaighdeánú i gCoimisiún na Scrúduithe Stáit.

Tá saineolas forleathan acu siúd a bhfuil baint acu leis an réimse de scrúduithe agus measúnuithe a bhfuil cuid mhór i ngeall leo, sa mheastóireacht oideachais, agus san oideachas dara leibhéal, agus bhí baint lárnach acu freisin le forbairt chóras na nGrád Creidiúnaithe le haghaidh 2021. Tá obair leanúnach ar bun ar anailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar na mionchoigeartuithe éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann don tsamhail a úsáideadh in 2020. Déanfar athbhreithniú ar na dáiltí náisiúnta a chlúdaíonn 79 ábhar agus leibhéal curaclaim de chuid na hArdteistiméireachta, 18 dteanga neamhchuraclaim agus tuairim is 20 ábhar agus tasc de chuid na hArdteistiméireachta Feidhmí le haghaidh 2021, chomh maith le comparáid a dhéanamh i gcoinne na sonraí stairiúla náisiúnta

8. Dearbhú Cáilíochta

I gcóras na nGrád Creidiúnaithe, tá an Foras Náisiúnta Taighde ar Oideachas (NFER) atá lonnnaithe sa Ríocht Aontaithe ar conradh chun dearbhú cáilíochta cuimsitheach de chóras na nGrád Creidiúnaithe a chur ar fáil agus tá seiceálacha ar bun aige maidir le códú na samhla staitistiúla chomh maith le fíorú na sonraí agus iontaofacht phróisis phróiseáil na sonraí agus an chaighdeánaithe. Tá saineolas ag NFER, atá mar eagraíocht neamhspleách agus neamhbhrabúis, i dtaighde neamhspleách, measúnú agus staidéir mheastóireachta a reáchtáil; agus i dtrialacha a chur ar fáil do scoileanna.

Agus torthaí scrúduithe na hArdteistiméireachta á n-eisiúint gach bliain, cuireann Coimisinéirí an CSS dearbhú ar fáil maidir le cothroime, caighdeán agus ionracas na dtorthaí tar éis phróisis na marcála agus na dtorthaí. I mbliana, beidh eisiúint thorthaí na hArdteistiméireachta á faomhadh ag na Coimisinéirí ina mbeidh na scrúduithe agus na Gráid Chreidiúnaithe i gceist.